


Eagrán
16

Samhain 2019



JCToday

Clár FGL do CFL1 / CFL2 2019-2020

Scoileanna Speisialta: Seoladh litir agus r-phost chuig scoileanna, lean na treoracha iontu sin chun data dúnta do scoile a chur in áirithe.

Iar-bhunscoileanna príomhshrutha: Cuirigí in áirithe bhur gceardlann 2-uair do CFL1 nó CFL2. Tá cuairteanna nua agus athchuireanna ar fáil. Tá gach am curtha in áirithe suas go dtí Nollaig 2019, ach cláraí ar www.jctregistration.ie tríd an gcaipe oráiste agus rachaidh muid i dteagmháil libh.

Ceardlann Fiosrú Fealsúnachta

Seo an eis deiridh chun freastal ar lá Ionduchtaithe ar Ghearrchúrsa Fealsúnachta in Ionad Oideachais Laoise Dé Sathairn 9^ú Samhain. Cliceáil ar an íomhá chun tuilleadh sonraí a fháil.



an t-eagrán seo

NTI / Ceol	1.2
Eolas ar na hÁbhair	1.4
Ealaíona sa tSraith Shóisearach	1.5
Ceardlanna Ceannaireachta SSM	1.9
Tacaí don scoil uile	1.12

Fáilte

Fáilte go dtí an 16^ú heagrán de JCToday.

Tá an t-eagrán seo lán le heolas, scéalta, ailt, agallaimh agus léirmheasanna leabhar a chuirfidh ar an eolas thú le gach gné den tsraith shóisearach.

Agus JCToday á foilsiú táimid ar thairseach rabharta eile i soláthar fhorbairt ghairmiúil leanúnach na sraithe sóisearaí ar fud na tíre. Tosóidh na himeachtaí cnuasach scoile againn do 2019/2020 go díreach i ndiaidh an tsosa lár téarma agus leanfaidh siad ar aghaidh go dtí Márta 2020. Trí na ceardlanna seo cuirfear tonn nua FGL atá sainiúil d'ábhair sa tsraith shóisearach i láthair múinteoirí. Is iad riachtanais ceannairí agus múinteoirí scoile a chuireann bonn eolais faoin FGL againn agus déantar próiseas suntasach dearbhú cáilíochta uirthi sula n-éascaítear i scoileanna í. Táimid cinnte go mbainfidh tú tairbhe, idir ghairmiúil agus phearsanta, as ár soláthair FGL i mbliana, ár gcuid FGL lárnach agus roghnach araon.

Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a rinne ailt don eagrán seo agus gach rath a ghuí ar scoileanna don chuid eile den scoilbhliain. Fáiltítear roimh aiseolas i gcónaí ar info@jct.ie.

An Dr. Pádraig Kirk Stiúrthóir, FGL don tSraith Shóisearach



Tá ETI(E)M sa tSraith Shóisearach, ár dtionscnamh MRB traschuraclaim roghnach ag ceiliúradh a thríú bliain as a cheile agus tá lúcháir orainn fáilte a chur roimh ár gComhairleoir nua, Kate McNerney, a chabhróidh le heagrú, dearadh agus feidhmiú céimneach ár gcuid soláthair in 2020 leis an téama "Glúin an Réitigh". Léireofar sna ceardlanna cur chuige idirdhisciplíneach i leith athruithe sa tsochaí agus fiosrófar deiseanna foghlama taobh istigh d'ábhair agus trasna ábhar. Tá ríméad orainn go mbeimid ag comhoibriú le 17 gcomhpháirtí i mbliana.

Tá súil againn réimse ceisteanna éagsúla a fhiosrú lena n-áirítear Bithéagsúlacht, Monarú sa Toghcháin, Sláinte an Duine, Comhphobail agus Idircheangailteacht, Forbairt Inbhuanaithe, Intleacht Shaorga agus Taighde agus Nuálaíocht Fhreagrach.

Beidh imeachtaí ETI(E)M 2020 sa tSraith Shóisearach ag titim amach ar an Satharn in ionaid ar fud na tíre ó Eanáir go hAibreán. Tugtar cuireadh a bheith i láthair do mhúinteoirí Mata, Eacnamaíocht Bhaile, Eolaíochta, Tíreolaíochta agus na dTeicneolaíochtaí, chomh maith le haon mhúinteoir a bhfuil spéis acu i dtionscnamh ETI(E)M.

Faigh na sonraí is déanaí ar an gcaoi chun clárú, ar an gclár imeachtaí srl., **trí d'ainm a chur lenár liosta seoltaí ETI(E)M anseo** nó trí muid a leanúint ar Twitter @JCTSteAm.

Nuatheangacha lasachta

Tháinig foireann NTI SSM agus Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann (TIBÉ) i gcomhar chun comhdháil a óstáil i Meán Fómhair i gColáiste na hOllscoile Corcaigh.



Bhí beirt phríomhchainteoirí ann, Nadine Fraizé agus Martine Pillette, agus bhí réimse éagsúil ceardlanna praiticiúla ann le cur lena gcuid láithreoirachtaí. Bhain Nadine Fraizé, speisialtóir i bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT), feidhm as gníomhaíochtaí praiticiúla agus tarraingteacha chun blaiseadh a thabhairt do mhúinteoirí ar choincheap FCÁT.

Dhírigh Marine Pillette ar straitéisí praiticiúla chun acmhainní dílse a thabhairt isteach sa sprioctheanga i do theagasc sa seomra ranga. Ar aon dul le téamaí na comhdhála, bhí an da chainteoir samhlaíoch, nuálach agus inspioráideach.

Chuir foireann NTI SSM seacht gceann de na ceithre cheardlann déag i láthair, agus chuir siad leasú na sraithe sóisearaí ag croí na comhdhála ag díriú ar Phunann Teanga an Scoláire agus an machnamh, cluichí i seomra ranga NTI, tacú le cumarsáid ó bhéal le huirlisí digiteacha, scéalaíocht dhigiteach, modheolaíochtaí gníomhacha don léitheoireacht agus don éisteacht, agus conas athrú sa churaclam a aistriú ina chleachtas sa seomra ranga.

Is mian leis an bhfoireann lánaimseartha buíochas ó chroí a ghabháil lena gcomhghleacaithe comhlacha in-scoile ar thug a láithreacht, a ndíograis agus a bpaisean inchreidteacht do na ceardlanna a thaitin go mór le múinteoirí ar an lá. Ba dheis iontach í an ócáid le haghaidh machnaimh agus idirphlé.

Ar lá na comhdhála, ba chúis lúcháire don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus do Theangacha Iar-Bhunscoile Éireann a bheith ag lainseáil:

Cad é an scéal atá agat? Gradam Náisiúnta Scéal Digiteach NTI



WHAT'S YOUR STORY?

National MFL Digital Story Award

An elective workshop for teachers of junior cycle French, German, Italian and Spanish.

Junior Cycle for Teachers (JCT) and Post-Primary Languages Ireland (PPLI) are delighted to offer the 'What's Your Story?' National MFL Digital Story Award to teachers and students.

What?
This award encourages students to combine their language and digital skills through the practice of digital storytelling to tell their own story. The initiative is also accompanied by an elective Professional Learning Experience for teachers (2 hours) which will explore the process of digital storytelling and how it can support language learning.

Why?
This exciting and engaging initiative supports many of the junior cycle learning outcomes and will provide students with the opportunity to use their language skills for authentic purposes. The most creative and language-rich examples will be showcased online and at the joint PPLI, JCT and PDST conference in September 2020. Those invited to have their work showcased will have their digital story acknowledged with a prize and a plaque for their school.

How?
Teachers who want to get involved and facilitate this initiative in their schools should book into one of the elective workshops to acquire the essential skills required to use digital storytelling in the MFL classroom.

When?
Submission Deadline: 28th March 2020
Details for submission for the showcase and workshop dates can be found on www.jct.ie/modern_foreign_languages/news_events
PPLI, JCT & PDST Conference: 26th September 2020

Chun bonn agus taca a chur faoin ngradam tarraingteach seo do scoláirí NTI is féidir le múinteoirí dul chuig ceardlann roghnach 2 uair a chloig a chabhróidh leo scéalaíocht dhigiteach a úsáid sa seomra ranga. Beidh an cheardlann ar siúl i 10 n-ionad ar fud na tíre. Tá na sonraí ar fad le fáil ar ár suíomh gréasáin. Clliceáil [anseo](#) go díreach le haghaidh tuilleadh sonraí.

Comhoibreoidh foireann NTI le TIBÉ agus le SFGM chun comhdháil eile a óstáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile NTI in Ionad Comhdhála an City West an bhliain seo chugainn ar 24 Meán Fómhair 2020.

Mise agus Mo Chuid Ceoil

Cúis lúcháire don fhoireann Cheoil a fheabhas atá ag éirí lenár dtionscnamh Ealaíon sa tSraith Shóisearach dar teideal 'Mise agus Mo Chuid Ceoil'. In Earrach 2019, le tacaíocht ó **Chlár Éire Ildánach (2017-2022)**, **Ealaíona sa tSraith Shóisearach**, an **Cumann um Chearta Ceoil na hÉireann (IMRO)** agus **Ceoladh Éire**, chuir foireann Cheoil SSM ar chumas 310 scoláire ceoil sa chéad bhliain agus a gcuid múinteoirí oibriú i gcuideachta ceoltóir ar cuairt ar feadh suas le sé huaire an chloig ina gcuid scoileanna.


Trí chur chuige teagmhálach, d'oibrigh an múinteoir agus an ceoltóir ar cuairt le chéile chun meon cruthaitheach a chothú i scoláirí, saoirse a thabhairt dóibh rudaí a thriail, cead a bheith acu rioscaí a ghlacadh, iad a spreagadh deiseanna úra dúshlánacha a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas cruthaitheach. Ba phléisiúr é a bheith ag obair lenár gcuid múinteoirí, scoláirí, comhpháirtithe ceoil uile agus lenár gceoltóirí ar cuairt ar fud na tíre.

Guímid gach rath ar ár gcuid ceoltóirí ar cuairt, scoláirí ceoil dara bliain agus a gcuid múinteoirí go léir agus go mbaine siad ardtaitneamh as a rannpháirtíocht sa tionscnamh seo. Is féidir breathnú ar fhíseán gearr ón lá seo ach cliceáil [anseo](#).

Tar éis chomh maith agus a d'éirigh le tionscnamh an earraigh, táimid tar éis 'Mise agus Mo Chuid Ceoil Fómhar 2019' a lainseáil ar fud na tíre. Tosóidh fiche a ceathair múinteoirí agus breis is 400 scoláire ceoil dara bliain i gcuideachta lena gceoltóir ar cuairt a phlé leis an bpróiseas cruthaitheach seo. Is ó 7 Deireadh Fómhair – 13 Nollaig a mhairfidh an tréimhse rannpháirtíochta seo. D'éagraigh muid Lá Ullmhúchán agus Pleanáil Chomhoibríoch ar 28 i gceanncheathrú an Chumainn um Chearta Ceoil.

'Me and My Music'

Collaborative Preparation
and Planning Day



Comhráite iontacha ag Comhdháil CMCIB. Cliceáil ar an íomhá thuas i gcomhair blaiseadh beag den lá.



Baill ó Fhoireann Cheoil SSM Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil 2019 CMCIB a réachtáladh le déanaí.

Míle buíochas leo siúd uile a chuir isteach ar 'Mise agus Mo Chuid Ceoil Fómhar 2019'. Comhghairdeas leis na scoileanna ar fad. Táimid ag brath tionscnamh eile 'Mise agus Mo Chuid Ceoil Earrach 2020' dírithe ar scoláirí ceoil na chéad bhliana a lainseáil i Nollaig 2019. Tiocfaidh tuilleadh sonraí in am trátha. Coinnigh súil ar an bhfotha Twitter @JctMusicEdu and [jct.ie](#)

Is í an tslí is fearr le fanacht ar an eolas maidir leis na forbairtí uile reatha agus atá le teacht i gCeol na Sraithe Sóisearaí d'ainm a chur ar ár liosta seoltaí s'againn [anseo](#).

Coinnigh an comhrá ag dul!

An tEolas is Déanaí ar na hábhair

Tá foireann chomhairleoirí Jct4 gnóthach ag ullmhú i gcomhair na gcnuasach agus na gceardlann FGL do CPD 2019/2020 atá ar na bacáin. Is é fócas na gceardlann cabhrú le scoileanna na sonraíochtaí ábhar don Innealtóireacht, Teicneolaíocht Adhmaid, Teicneolaíocht Fheidhmeach agus Grafaic a chur i bhfeidhm i scoileanna agus tógáil ar riachtanais múinteoirí mar a sainithníodh iad san aiseolas a fuarthas le linn FGL 2018/2019.

Cheana sa bhliain acadúil seo, d'fhreastail muid ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus ar chomhdháil TechnoTeachers. I dteannta na mbileog eolais ar na hábhair a bhí le fáil ar an lá, bhí “Draoi Dóbat” (Géag Róbataice Mheicitreonach) ar taispeáint againn. Tá iliomad feidhmeanna agus inniúlachtaí aici is féidir a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim síos trí na ceithre hábhair sa tsraith Teicneolaíochtaí.

Bhí clárú déanta again uirthi le cleachtadh “teagasc agus imir” a dhéanamh inar códaíodh an Dóbat chun puzal geoiméadrach a dhéanamh agus ansin dúshlán deonaigh a thabhairt féachaint cén duine is gasta a réiteodh an fhadhb. Ag léiriú go n-éascódh sí cur chuige traschuraclaim, thaispeáin muid a mianach chun greanadh léasair a dhéanamh ar nithe Teicneolaíocht Adhmaid agus chun líníochtaí / téacs a chruthú a fheictear go rialta sa seomra Grafaice. Reáchtáil muid ceardlann freisin ar chomhaid CAD a aistriú le húsáid i dtimpeallacht réaltacht bhreithe ag úsáid MERGE Cube – acmhainn a bhí le feiceáil ar lá FGL Grafaice 2018/2019.

Is in Ionaid Oideachais áitiúla a thabharfar na ceardlanna Teicneolaíocht Fheidhmeach agus Grafaice. Déan cinnte go gcláraíonn bainistíocht do scoile do shonraí ar www.jctregistration.ie agus go dtugann siad sonraí duit ar na ceardlanna. Chun breis eolais a fháil ar sceideal na gceardlann seo agus eolas ar na hábhair theicneolaíochta uile coinnigh súil ar twitter [@JCt4ed](https://twitter.com/JCt4ed) agus gabh ar ár liosta seoltaí [anseo](https://www.jctregistration.ie).



Eacnamaíocht Bhaile Dearadh ár Lá Foghlaim Leanúnach 2019-20 bunaithe ar aiseolas ó mhúinteoirí agus ag obair go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara. Bhuaíl muid lenár gComhlaigh ag cruinniú oibre dhá lá agus thug siad an-léargas dúinn ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm na Sonraíochta don Eacnamaíocht Bhaile go dtí seo. Thug siad eispéiris bharántúla foghlama dúinn a ndearnadh cuid lárnach dár lá díobh.

Is iad na scoláirí a rachaidh isteach sa 2ú bliain i Meán Fómhair 2019 an chéad chohórt scoláirí a dhéanfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) san Eacnamaíocht Bhaile. Déanfaidh scoláirí an 2ú Bliain MRB 1: Teicstílí Cruthaitheacha thar 8 go 10 seachtaine agus is faoi Dé Luain 4 Samhain 2019 go Dé hAoine 15 Bealtaine 2020 an tráth is gá a chríochnú. Faightear an t-eolas uile i dtaca le MRBnna sna [Treoirínte Measúnaithe d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí](#).

Tá an fhoireann Eacnamaíocht Bhaile ag súil le casadh le múinteoirí le linn na gcnuasach a reáchtálfar ó Shamhain 2019 go lár mhí Márta 2020. Moltar duit do ghairesas féin le hinrochtaineacht Wi-Fi agus do chluasáin a thabhairt leat mar go mbeidh muid ag úsáid teicneolaíochtaí foghlaim dhigiteach i rith an lae.

Seimineár Gréasáin Grafaice

Craoladh an Seimineár Gréasáin Grafaice ar 16 Deireadh Fómhair agus tá teacht air anseo. Déantar acmhainní a nuashonrú go rialta mar sin fan ar an eolas trí chlárú lenár [liosta seoltaí](#).



Códú na Sraithe Sóisearaí á Chur i nGníomh

Seoladh ár dtionscnamh Códú na Sraithe Sóisearaí á Chur i nGníomh (JCCiA) Céim II Dé Máirt 8 Deireadh Fómhair. Ghlac seasca scoil páirt sa chéim seo den tionscnamh. Is í an aidhm ata ann cabhrú leis na scoileanna sin tús a chur le códú mar ghearrchúrsa sa churaclam.

Athbhreithniú ar achtú ábhair Chéim 1 & 2 na Sraithe Sóisearaí

Tá ár gcomhghleacaithe CNCM ag déanamh athbhreithniú ar luathachtú na n-ábhar i gCéim 1 & 2 den tSraith Shóisearach: Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht. Féadfaidh múinteoirí clárú le páirt a ghlacadh i gceann de na hócáidí comhairliúcháin seo tríd an nasc seo:

<https://buff.ly/2oewbC5>

Clár spreagúil imeachtaí Gaeilge in Ealaíona sa tSraith Shóisearach

Idir lár Mheán Fómhair agus lár na Samhna, tabharfar deis do mhúinteoirí iar-bhunscoile Gaeilge réimse d'ealaíona nua-aimseartha agus traidisiúnta a fhiosrú trí cheardlanna eispéireasacha a bheidh ar siúl in ionaid oideachais ar fud na tire. Tá an clár éagsúil ceardlanna roghnacha nuálacha seo á thairiscint faoi láthair tríd an tionscnamh *EALAÍONA sa tSraith Shóisearach*, atá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí a eagrú le maoiniú ó Éire Ildánach.

Is cinnte gurb í an cheardlann 'Filíocht an fhocail labhartha' a bheidh á héascú ag an bhfile óg Ciarraíoch, Séamus Barra Ó Súilleabháin, agus ag an ealaíontóir fuaime de bhunadh na Seice, Slavek Kwi, an ceann is turgnamhaí de na laethanta foghlaim ghairmiúil seo a bheidh á reáchtáil i gcomhair le hÉigse Éireann agus le féile liteartha leanúnach IMRAM. Le púicín orthu agus iad ina suí ar chúisíní, iarrfar ar rannpháirtithe dul isteach i bhfuaimdhreach atá ceaptha cuimhní cinn a mhúscailt agus an tsamhlaíocht a spreagadh, chun conairí cruthaitheacha a oscailt ar an gcumadóireacht fhileata. Éascóidh Kwi, ar cainteoir líofa Fraincise é, an chéad leath den lá i bhFraincis le léirmhíniú as Gaeilge ó bhaill d'Fhoireann Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí; agus is é Séamus Barra, duine de na scríbhneoirí is spreagúla de ghlúin nua filí Gaeilge, a threoróidh leath chumadóireachta an lae ag baint leas as modheolaíochtaí nuálacha ach simplí ar féidir le múinteoirí aithris a dhéanamh orthu ina gcuid seomraí ranga féin. Tabharfar taifeadadh d'fhuaimdhreacha do na rannpháirtithe uile le húsáid ina gcuid oibre lena scoláirí féin.

Tá ceardlann eile ann atá á tabhairt i bpáirt le Filíocht Éireann darb ainm 'Filíocht: Súil Eile', a bheidh á héascú ag duine de na scríbhneoirí gairmiúla is bisiúla do dhéagóirí, an t-iarhmhúinteoir, Áine Ní Ghlinn. Lena tuiscint ar dhá thaobh an phróisis liteartha chumarsáide agus fhoghlama, treoróidh Áine múinteoirí in eispéireas foghlama gairmiúil a ceapadh chun feabhas a chur ar fhiosrú filíochta sa seomra ranga.

Trí nascadh a rinneadh le hOireachtas na Gaeilge – a eagraíonn ceann de na féilte faoi dhíon is mó san Eoraip, is é Ray Mac Mánaís, duine de mháistrí na n-ealaíon traidisiúnta ardáin *Lúibíní* agus *Agallaimh Bheirte*, a threoróidh múinteoirí ar bhealaí spráíúla chun muinín scoláirí a thógáil ina scileanna cumarsáide agus cruthaitheacha le béim ar leith ar an idirghníomhaíocht labhartha. Gan a gcómhaith i gcultúr an Bhéarla, is foirmeacha ealaíne iad, *Lúibíní* agus *Agallaimh Bheirte* ar beag an taithí atá ag daoine orthu lasmuigh de shuíomh Gaeltachta ná Gaelcholáiste ach tugann siad an iliomad bealaí chun scileanna teanga scoláirí a fhorbairt tríd an idirghníomhaíocht a bhaineann le cainteoirí a bheith ag dul in árach a chéile le briathra (a cheoltar i *Lúibíní* nó a labhraítear in *agallaimh beirte*) in insint ghreannmhar ar cheisteanna ar mór nó ar beag a dtábhacht.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an tsraith reatha cheardlanna (maille le clár leathnaithe agus athsheisiúin ina measc á bpleanáil le haghaidh Théarma 2) féach https://www.jct.ie/leagangaeilge/gaeilge/news_events_ga agus scrollaigh síos chuig 'Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach'



Comhghairdeas le @PDSTGaeilge as #TTSligeach den scoth! Ár mbuíochas leis na múinteoirí Gaeilge a tháinig chun cainte linn ag an seastán nó chun cúrsaí AFMÁ a phlé ag na seisiúin linn. Bhaineamar taitneamh agus tairbhe mhór as. Ag tnúth le bualadh libh arís ag cnuaschrúinniú.

Rannpháirtithe in éindí le hÁine Ní Ghlinn, file/údar, i mbun 'Filíocht: Súil Eile' in Ionad Oideachais (Phort) Laoise inniu; ceardlann atá mar chuid den tsraith Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach lenár gcomhpháirtithe Éigse Éireann.



Clár spreagúil imeachtaí Gaeilge in Ealaíona sa tSraith Shóisearach

Idir lár mhí Mheán an Fhómhair agus lár mhí na Samhna, beidh deis ag múinteoirí iar-bhunscoile Gaeilge réimse ealaíona Gaeilge a fhiosrú trí shraith de cheardlanna nuálacha a bheidh ar siúl in ionaid oideachais ar fud na tíre. Is tríd an tionscadal Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach, atá á reáchtáil ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus á maoiniú ag Clár Éire Ildánach, a chuirfear na ceardlanna seo ar fáil.

I measc na gceardlann is nuálaí ar fad, tá an t-eispéireas gairmiúil foghlama ‘Filíocht ó Bhéal’, a bheidh á héascú ag an bhfile óg Ciarraíoch, Séamus Barra Ó Súilleabháin agus comrádaí leis, an t-ealaíontóir fuaimne Seiceach, Slavek Kwi. Tá an cheardlann seo á reáchtáil i gcompháirt le hÉigse Éireann agus IMRAM, féile litríochta na Gaeilge. Agus iad ina suí ar chúisíní le dallamullóg orthu, tabharfar cuireadh do rannpháirtithe iad féin a thumadh i ndomhan na fuaimne ar mhaithe le cuimhní cinn a mhúscailt agus an tsamhlaíocht s’acu a spreagadh ionas go dtiocfaidh siad isteach ar phróiseas na cumadóireachta ar bhealach cruthaitheach.

Beidh Kwi, ar cainteoir líofa Fraincise é, i mbun éascaithe an chéad leath den lá, fad is a bheidh duine d’Fhoireann Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí i mbun ateangaireachta as Gaeilge. Ina dhiaidh sin, is é Séamus Barra, atá ar dhuine de na filí óga is suimiúla in Éirinn faoi láthair, a stiúrfaidh an chumadóireacht ó bhéal trí leas a bhaint as modheolaíochtaí nuálacha simplí gur féidir le múinteoirí aithris a dhéanamh orthu ina ranganna féin. Gheobhaidh gach rannpháirtí cóip de thaifead ar fhuaimrian ar féidir leo leas a bhaint as lena scoláirí féin.

Ceardlann eile sa tsraith atá á reáchtáil i gcompháirt le hÉigse Éireann ná ‘Filíocht: Súil Eile’ a bheidh á héascú ag duine de mhóruidair na Gaeilge do dhéagóirí (ar iar-mhúinteoir iar-bhunscoile í), Áine Ní Ghlinn. Agus a tuiscint agus léargas ar an dá thaobh den phróiseas cumarsáideach a bhaineann le litríocht ar an gcuraclam, treoróidh Áine múinteoirí trí eispéireas foghlama gairmiúil a beidh idir spreagúil agus phraiticiúil agus a thacóidh le múinteoirí cur lena gcleachtas teagaisc i dtaca leis an bhfilíocht ar bhealaí nuálacha.

Trí chomhpháirtíocht le hOireachtas na Gaeilge, beidh Ray Mac Mánaís, atá ar dhuine de mháistrí na lúbíní agus na n-agallamh beirte, ag stiúradh rannpháirtithe ar bhealaí chun muinín a gcuid scoláirí i labhairt agus in idirghníomhú cainte a fhorbairt trí chuir chuige thaitneamhacha spráíúla fhad is atá siad ag cothú naisc leis an bpobal teanga agus cultúr saibhir dúchais na Gaeilge.

Tuilladh eolais faoin tsraith cheardlann reatha (a bheidh á tairiscint arís i dTéarma 2), féach https://www.ict.ie/leangaeilge/gaeilge/news_events_ga agus scrollaigh síos go dtí ‘Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach’.

Seimineár Gréasáin (T1 & T2)
An Phunann Teanga agus MRB 1
Fanaigí Linn! Craoladh chun tosnú ag 7.30i.n.

Cliceáil ar an íomhá le feiceáil

Seimineár Gréasáin T1
Craoladh chun tosnú ag 7.00i.n.
Fanaigí Linn!

Léirmheas Leabhair

Dynamically Different Classrooms: Spásanna a chruthú a chuireann lasair san fhoghlaim

Údair: Claire Gadsby agus Jan Evans.

Foilsíú Crown House. ISBN: 978-1781-3529-77

Spreagfaidh *Dynamically Different Classrooms* múinteoirí chun machnamh a dhéanamh ar an mianach nach mbaintear tairbhe as atá le fáil i dtimpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga chun cur le heispéiris foghlama scoláirí. Seans go dtabharfadh sé do dhúshlán fiú, tar éis duit é a léamh, do sheomra ranga a athchóiriú ionas go mbaintear barr feabhais amach i ngach gné den seomra chun cur le neamhspleáchas agus le rannpháirtíocht scoláirí.

Fiosraítear sna chéad chúpla caibidil an bhrí atá le rudaí a bheith fíoréagsúil, sula léiríonn siad cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar sheomra ranga dinimiciúil. Líon lán le réimse saibhir smaointe praiticiúla, pléann an treoirleabhar spreagúil seo ar an saol mór istigh faoi dhíon leis na cúinní leideanna, na ciorcaid síleála, agus na fuinneoga deise atá ag fanacht leat iad a aimsiú i do sheomra ranga agus roinneann 148 teicníc éifeachtacha ar cruthaíodh gur chuir siad borradh faoi rannpháirtíocht, foghlaim fhadtearma agus dul chun cinn scoláirí.

Scaiptear na teicnící thar chúig chaibidil a gclúdaíonn gach ceann díobh sainghné den seomra ranga (m.sh., taispeántais bhalla) agus tá siad dathchódaithe chun crostagairt do na sé phríomhthéama seo a leanas le cabhrú leat do bhealach féin a dhéanamh trí na caibidilí de réir do thosaíochtaí forbartha féin:

- Meiteachognaíocht agus foghlaim fhéinrialaithe
- Rannpháirtíocht mhothúchánach
- Aisghabháil agus athbhreithniú
- Teagasc freagrach
- Labharthacht agus saibhreas foclóra
- Foghlaim Chomhoibríoch



Mar chleachtóir, chonacthas domsa go raibh an chaibidil ar theagasc déileáladh le measúnú foirmiteach agus conas is féidir leis dul chun cinn na bhfoghlaiméirí uile a chinntiú lena n-áirítear grúpaí leochaileacha.

Is foilseachán dea-léirithe é, líon lán le grianghraif agus ceisteanna géara, agus tá cásanna staidéir éagsúla ann a bhfuil baint acu le scoláirí ó aoisghrúpaí difriúla. Liostaítear na straitéisí teagaisc agus foghlama uile ag deireadh an leabhair le tagairtí do na leathanaigh, a bheidh an-luachmhar ag múinteoirí i dtaca le pleanáil agus le hathbhreithniú ábhair. Cé gur foilseachán é a bhaineann le scoileanna sa RA, molann na húdair é do mhúinteoirí, ábhair oide, cúntóirí ranga agus ceannairí scoile sinsearachacha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. I gcultúr ina mbítear sa tóir ar cháilíocht agus ar dhoimhneacht sa churaclam agus sa soláthar oideolaíoch, ba chóir go mbeadh an leabhar seo ní amháin ina chabhair phraiticiúil ach freisin ina fhoinsé inspioráide don mhúinteoir agus don cheannaire scoile gnóthach agus díograiseach.

Fiona Kearney

Ceannaireacht SSM Fómhar 2019

Is tar éis an bhriseadh lár téarma a thosófar ar sheimineáir Ceannaireachta an Fhómhair 2019 leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, dar teideal **‘Ceannaireacht agus Bainistíocht ar an gClár Folláine i gCuraclam na Sraithe Sóisearaí’**. Beidh na seimineáir seo do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí á dtabhairt ar fud na tíre ó 5 Samhain ar aghaidh. Tabharfar ceithre sheimineáir agus dhá scór in dhá ionad is fiche ar fud na tíre ón data sin go dtí 10 Nollaig. Is i nGaeilge a bheidh trí cinn de na seimineáir sin a bheidh ar siúl in ionaid oideachais Chorcaí, na Gaillimhe agus Iarthar Átha Cliath.

Dearadh an tacaíocht seo do cheannairí scoile de thoradh an aiseolais a bailíodh ón seimineáir deiridh againn ar phleanáil straitéiseach scoláire-lárnach inar díriodh ar fhorbairt Churaclaim scoláire-lárnach sa chiall is leithne. Is de bharr an aiseolais a bailíodh ar na laethanta sin, agus trí phlé le ceannairí scoile éagsúla ag obair ar an láthair i scoileanna, a bheartaigh an fhoireann ceannaireachta a n-aird a dhíriú ar an lá seo ina mbreathnófar go sonrath ar chabhrú le Clár na Folláine i scoileanna.

Cad é a bheidh le fáil sa seimineáir seo do Cheannairí Scoile?

Le linn na seimineáir seo, déanfar iniúchadh domhain i ndáil le Clár na Folláine ar cheithre rogha churaclaim fhéideartha a leagadh amach sa chiorclán 0055/2019 ar na mallaibh agus atá le cur san áireamh ag scoileanna ó thaobh na réimsí folláine OSSP, OSPS agus CO. Is tráthúil an tacaíocht í seo sa mhéid is go mbeidh ceannairí scoile ag ullmhú do scoláirí na chéad bhliana a thioctaidh isteach in 2020 le go mbeidh clár Folláine acu thar na chéad trí bliana san iar-bhunscoil ina mbeidh 400 uair de churaclam Folláine ar a gclár ama acu.


Is é a leagtar amach i gCiorclán 0055/2019, ‘Ba chóir dul i gcomhairle le baill foirne, tuismitheoirí agus scoláirí le linn clár Folláine a bheith á fhorbairt.’ Tógann an seimineáir seo ar an dea-obair atá déanta cheana i scoileanna i dtaca leis an gcomhairliúchán sin agus fiosraítear bealaí chun a chinntiú go mbíonn an próiseas comhairliúcháin údarásach agus go gcabhraíonn sé chun clár a fhorbairt atá ábhartha agus a fhreagraíonn do riachtanais shainitheanta an scoláire.

Freagróidh an seimineáir freisin do na tacaí a theastaíonn maidir le planáil i gcomhair aonaid foghlama i gclár na Folláine. Pléifimid conas réasúnaíocht a fhorbairt le go gcuirfead na haonaid foghlama seo in aithne agus conas tabhairt faoi phróiseas éifeachtach planála a bhfuil treoir le fáil ina leith tríd an teimpléad planála Aguisín 1 sna treoirlínte don Fholláine. Beidh ról fhoireann na Folláine, agus leoga na daoine a bheidh ar an bhfoireann seo, faoi chaibidil mar chuid de sheisiún iarnóin an lae.

Ról na gComhlach Ceannaireachta i dTuras FGL s’againn – ag éisteacht lena scéalta

Tá beirt bhall lánaimseartha ar an bhfoireann SSM againn, Ceannaire Foirne Fiona O’Brien agus Comhairleoir Ceannaireachta Helen Costello. Is iad ceannairí Foirne SSM na bhfoirne uile a chabhraíonn le soláthar na seimineáir ar fud na tíre i dtaca leis an Scoil Uile agus leis na hÁbhair uile, agus bíonn cohórt de 18 gcomhlach ceannaireachta pháirtaimseartha ag tacú leo. Tá na comhlaigh ar fad atá againn ina gceannairí oilte scoile atá go fóill i mbun Leasú na Sraithe Sóisearaí a leabú isteach i scoileanna nó a chuaigh ar scor ó phoist ceannaireachta ar na fíormhallaibh. Is beirt a bheidh ag éascú gach seimineáir Ceannaireachta leis an SSM san Fhómhar agus san Earrach agus beidh ar a laghad duine amháin acu ina cheannaire scoile a bhfuil tréan taithí aige.

Is baill thábhachtacha iad na comhlaigh Ceannaireachta againn agus iad ag cabhrú le foireann ceannaireachta SSM na heispéiris ghairmiúla foghlama is oiriúnaí a chruthú do cheannairí scoile agus ag cinntiú go mbíonn soláthar an lae nasctha le heispéiris ghnáthscoileanna. Chun beagán níos mó a chloisteáil faoina gcuid taithí ag plé leis an obair seo, labhair muid le beirt de na comhlaigh againn agus d’iarr muid orthu insint dúinn faoina gcuid taithí laistigh den fhearann seo i leasú na Sraithe Sóisearaí.



Ceannaireacht SSM Fómhar 2019

Labhair muid le beirt de na comhlaigh a bhfuil taithí acu agus a bhí rannpháirteach i ndearadh lá ceannaireachta an Fhómhair agus a bheidh ar an mbóthar ag seachadadh an lae seo i mí na Samhna.

Is í **Helen Cadogan** an príomhoide ar Choláiste Bhrógáin Naofa, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí. Is scoil, neamh-shainchreidmheach, mheasctha í Coláiste Bhrógáin Naofa a riarann ar scoilcheantar mór. Éiríonn leis an scoil na disciplíní praiticiúla agus acadúla a bhainistiú agus a shnaidhmeadh le chéile go han-mhaith. Tá sí mórtasach as a stair, ceiliúránn sí a sainiúlacht agus tá sí ag súil leis an todhchaí go muiníneach. Bhí Helen ina Príomhoide sa scoil ó 2012.

Is í seo an tríú bliain ag Helen a bheith ag obair mar chomhlach SSM ar fhoireann na Ceannaireachta. I dtús báire thosaigh sí ag cur ceardlanna ceannaireachta ar Chláir Foghlama Leibhéal 2 i láthair. Bhí an clár seo á sholáthar ag Coláiste Bhrógáin Naofa ar feadh roinnt blianta agus bhí suim an-mhór ag príomhoidí a fháil amach conas a oibríonn CFL2nna i ndáiríre agus bhí freagraí á lorg acu ar cheisteanna praiticiúla. O shin i leith, bhí Helen ag obair mar chomhlach agus ag cur comhairle ar fáil ar dhearadh na seimineár ón gcruinniú tosaigh leis an bhfoireann chun na seimineáir dheiridh a phlé, cur leo agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu.

Déanann Helen machnamh ar an bpróiseas trína ndéantar FGL do mhúinteoirí. 'A luaithe is a dhéantar seimineár a fhorbairt, caitear roinnt laethanta ag déanamh tuilleadh moltaí agus eagarthóireachta lena n-áirítear lá 'cairde criticiúla'. Mar thoradh air sin bíonn seimineáir againn le cáilíocht dhearbhair agus atá dírithe ar riachtanais na ceannairí scoile.



Is Príomhoide oilte agus Comhairleoir SSM nó Ceannaire Réigiúnach a sheachadann gach seimineár. Ciallaíonn sé sin peirspictíocht ó phríomhoide reatha agus saineolas uathu sin atá tumtha i gceartlár mhionchiútaí uile na Sraithe Sóisearaí sa chaoi is gur féidir leat freagraí soiléire agus praiticiúla a fháil ar cheisteanna.'

Maidir le tairbhí agus dúshláin s'aici mar Phríomhoide i bhfeighil agus mar chomhlach ceannaireachta, tá an méid seo le rá ag Helen 'Áirítear go fóill 'athruithe a threorú' ar cheann de na dúshláin is mó agus is tábhachtaí a bhíonn ag ceannaire scoile. Bíonn an pobal scoile ag brath ar a gcuid ceannairí chun cabhrú leo a mbealach a dhéanamh trí amanna na héiginnteachta agus an athraithe ach iad a bheith réamhghníomhach seachas frithghníomhach, agus treoirilnte soiléire a chur ar fáil dóibh ar an tslí chun tosaigh, agus trí bheith dearfach agus réitigh a aimsiú do na dúshláin. Chabhraigh sé liom agus mé i mo chomhlach ar Fhoireann Cheannaireachta SSM an t-athrú seo a threorú i mo scoilse. Mar phríomhoide gnóthach, is féidir leis a bheith deacair imeacht ón scoil agus cuirtear cuireadh orainn de shíor

freastal ar sheimineáir faoi thionscnaimh úra, comhdhálacha, seimineáir ceannaireachta agus araile. Bíonn sé dúshlánach go maith na héilimh uile sin a láimhseáil. Mar sin féin, de mo dhóighse, is í an tSraith Shóisearach an t-athrú is mó agus is bunúsaí sa teagasc agus san fhoghlaim a bhfaca mé mar cheannaire scoile agus mé i mo phríomhoide le 16 bliana. Ag breathnú dom ar na tionscnaimh uile a bhfuil an scoil rannpháirteach iontu amhail pleanáil dhigiteach, guth an scoláire, ceannaireacht teagaisc agus folláine, is féidir breathnú orthu uile trí lionsa na Sraithe Sóisearaí ach í sin a chur i bhfeidhm sin mar is cuí. Cabhraíonn na seimineáir ceannaireachta seo liom 'an pictiúr mór' a choimeád i m'intinn, a fheiceáil conas a thagann sé go léir le chéile, a fheiceáil cén chaoi is fearr tacú leis na ranna ábhair, foirne agus múinteoirí aonair a mbealach a dhéanamh tríd an athrú seo. Cabhraíonn na seimineáir liom a bheith réamhghníomhach seachas frithghníomhach chun a chinntiú go mothaíonn pobal na scoile go bhfuil feidhmiú na Sraithe Sóisearaí inláimhsithe.

An t-aon dúshlán a fheicim sa ról mar chomhlach, baineann sé le gach rud – am a aimsiú! Deirtear linn i gcónaí gurb é an t-athrú an t-aon rud seasmhach atá ann. Déarfainnse gurb é an easpa ama an dara rud seasmhach atá ann. Chun ár gcuid ama a bhainistiú, tá a fhios againn uile go gcaithfidh muid ord tosaíochtaí a dhéanamh agus ó mo thaobhsa de, is tosaíocht í an tSraith Shóisearach ionas go dtiocfaidh rath is bláth ar ár bpobal scoile.'

Ceannaireacht SSM Fómhar 2019

Is é **Gerard O’Leary** an Príomhoide ar Phobalscoil Chill Droichid a d’oscail a cuid doirse do scoláirí don chéad uair in 2015. D’oibrigh Gerard leis an SSM mar chomhlach le dhá bhliain anuas agus is dóigh leis go ndeachaigh sé sin go mór chun tairbhe na scoile agus gur chuir sé lena chumas féin roinnt de na príomhathruithe a threorú agus a bhainistiú sa scoil.



Mar chomhlach, bhí sé an-ghníomhach i ndearadh na n-eispéireas foghlama gairmiúil do cheannairí scoile agus é ag freastal ar chruinnithe dearaidh, lá cairde criticiúla agus leoga ó rinne sé an lá a chur i láthair lena chomhcheannairí scoile. Tá sé iontach dearfach faoi na tairbhí a bhaineann le bheith rannpháirteach san obair seo:

“Ba mhór ar fad na tairbhí – is dóigh liom go bhfuil sé tairbheach i dtaca leis an leasú a threorú sa scoil. Baineann sé leis an smaoinemh chun treoir a thabhairt go bhfuil sé ríthábhachtach tuiscint a bheith agat ar an rud atá i gceist.

Tugann sé deis dúinn diancheistiú a dhéanamh ar dhoiciméid amhail Creat na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte don Fholláine, Ag Breathnú ar an Scoil Againn i dteannta doiciméid eile a thagann isteach ar bhord cheannaire na scoile go rialta agus tugann sé deis dom machnamh ar athrú sa chóras ar an mórchóir lasmuigh d’imeachtaí laethúla i saol na scoile agus na smaointe sin ar theagasc agus ar fhoghlaim a tharlaíonn sna scoileanna a dhaingniú. Agus tú rannpháirteach i ndearadh an FGL, bíonn deis agat a bheith ‘iomlán sáite’ san obair a bhaineann le ceardlanna a chruthú agus feiceann tú conas a tharraingíonn siad réimse leathan ábhar le chéile agus go ndéantar próiseas dian deimhnithe orthu leis an rannpháirtíocht ó nasc-chigirí agus ó chomhpháirtithe eile amhail CNCM srl. Tá mé den bharúil gur cheart do cheannairí a bheith iontach muiníneach ó tharla go ndéantar diancheistiú agus bailíochtú cuimsitheach ar na teachtaireachtaí sula seachadtar iad agus is mar sin is cóir sin dó a bheith.’

Tá Gerard ag teacht le tuairim Helen Cadogan maidir le cúrsaí ama agus tosaíochtaí a bheith ina gcúis inní do na ceannairí scoile go léir i dtaobh a bheith rannpháirteach in aon tionscnamh lasmuigh den scoil agus na héilimh laethúla a bhíonn ar an bpríomhoide scoile. Mar sin féin, tá sé dar leis ‘Is mó i bhfad na sochair ná na dúshláin domsa ar aon nós’.

Considerations for School Leadership

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

- To support teacher’s to **collaboratively plan** using learning outcomes
- To **value** the importance of supporting teacher’s **professional judgement** developed through collaborative practice with colleagues
- To continue to **embed the language of learning** in the classroom consistently across the school
- To reconfigure the schools **assessment and reporting procedures** and calendar

Autumn 2019

Leadership and Management of the Wellbeing Programme in the Junior Cycle Curriculum

5th November – 10th December

44 workshops

www.jctregistration.ie

Examine the implications of Circular 0055/2019 for the school’s wellbeing programme

Develop the concept of authentic consultation in curriculum planning

Explore collaborative planning for an effective wellbeing programme

Pleanáil don Fholláine

Sna gearrfhíseáin seo, labhraíonn ceannairí agus múinteoirí scoile faoin gcaoi ar phleanáil siad i gcomhair Fholláine na Sraithe Sóisearaí ina gcuid scoileanna.

Junior Cycle Wellbeing

Planning for Wellbeing Stories from schools

Fionnghuala King, Principal, Mount St Michael Secondary School, Mayo

Fionnghuala King JuniorCYCLE

Junior Cycle Wellbeing

Planning for Wellbeing Stories from schools

Dermot Healy, Principal Pobalscoil Inbhear Scéine Kenmare, Co. Kerry

Dermot Healy JuniorCYCLE

Junior Cycle Wellbeing

Planning for Wellbeing Stories from schools

Lorraine Sherlock, Deputy Principal Coláiste Iascaigh, Sligo

Lorraine Sherlock JuniorCYCLE

Junior Cycle Wellbeing

Planning for Wellbeing Stories from schools

Jennifer Barry, Deputy Principal, Causeway Community School, Kerry

Jennifer Barry JuniorCYCLE

Junior Cycle Wellbeing

Planning for Wellbeing Stories from schools

Emer O’Mahony, P.E. teacher Abbey Vocational School, Donegal

Emer O’Mahony JuniorCYCLE

Ceannaireacht SSM Fómhar 2019

Conas a chabhróidh EFG na Ceannaireachta i bhFómhar 2019 le Príomhoidí scoile?

Meabhraíonn **Helen Cadogan** ar an gcaoi a gcabhróidh seimineáir an Fhómhair atá ag teacht aníos le ceannairí scoile:

‘Cabhróidh an chéad seimineár eile san Fómhar– Ceannaireacht agus Bainistíocht an Chláir Folláine i gCuraclam na Sraithe Sóisearaí- le ceannairí scoile céim siar a thógáil agus breathnú ar an gcaoi is fearr chun feidhmiú céimneach 400 uair na Folláine a bhainistiú in 2020. Déanfaidh an seimineár na roghanna a shoiléiriú i dtéarmaí an siollabas nó an tsonraíocht a leanúint i bpríomhréimsí ábhair na folláine.

Leading and managing change

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

Achieving real change, educational change that is deep and lasting, takes time.

This is because most real change involves changing the way teaching and learning happens or changing the culture of schools as places of learning and organisations – changing the way things are done!

p.14



Tugann Gerard O’Leary léargas ar an gcaoi a gcabhróidh an lá seo le Príomhoidí scoile agus le leas-phríomhoidí:

‘Is lá an-mhaith atá ann. Tógann sé ar an obair a rinneadh in Earrach 2019 agus déanfar nasc soiléir leis. Tugann an lá deis agus spás chun machnamh ar an soláthar reatha atá ag scoil agus an réasúnaíocht taobh thiar de scoileanna a bheith ag feidhmiú mar a bhíonn siad faoi láthair; agus chun meabhrú faoin riachtanas atá le mionathruithe a dhéanamh sa chur chuige más gá. Tabharfaidh an lá deis do na rannpháirtithe a bheith ag breathnú ar an rud a bhíonn idir lámha acu trí lionsa atá beagán éagsúil leis an gceann a mbreathnódh siad tríd de ghnáth mura mbeadh siad i láthair’.

Meeting the Challenges

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

- ◆ Encouraging genuine understanding rather than compliance
- ◆ Moving forward from mechanical use of new practices
- ◆ Not taking on too much too fast



p. 8

Deasc an Eagarthóra

San eagrán seo de JCToday tugtar chun cuimhne go bhfuil gach sonraíocht ábhair aníos faoi lánseol. Sa bhliain acadúil seo, soláthróidh SSM tacaíocht do gach ábhar, Ealaíona sa tSraith Shóisearach, Códú, Comhordú SS, Ceannaireacht, an Scoil Uile, Cruinnithe AFMÁ, ETI(E)M, gearrchúrsaí, gan ach beagán a lua. Chun fanacht ar an eolas lenár dtacaí FGL, déan cinnte agus cláraigh le liosta seachadta d’ábhair féin agus lean sinn ar twitter @jctforTeachers.

San eagrán seo agus i gcinn roimhe seo, labhair muid le múinteoirí agus le ceannairí scoile faoi leasú na sraithe sóisearaí. Bímid i gcónaí ag brath ar scoileanna chun aon fhorbairtí nó cuir chuige nua a aithint agus a cheiliúradh i leith na Sraithe Sóisearaí i gcomhthéacs a scoile féin. Dá mba mhaith leat aon ní spéisiúil a chur isteach a rachadh chun taírbhe scoileanna eile le linn a dturais SS, seol r-phost chuig info@jct.ie. Ar deireadh, tá gach iareagrán de JCToday ar fáil anseo.

Gach dea-ghuá oraibh don bhliain amach romhainn.

Junior Cycle Wellbeing

Planning for Wellbeing
Stories from schools

Deirdre O’Callaghan,
Biology & Science Teacher
Newbridge College, Kildare

Deirdre O’Callaghan

JuniorCYCLE

Junior Cycle Wellbeing

Planning for Wellbeing
Stories from schools

Tara Friel,
Wellbeing & SPHE Coordinator
Deele College, Donegal

Tara Friel

JuniorCYCLE

Tá tuilleadh gearrhíseáin ar fáil ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Cliceáil anseo le haghaidh breis eolais. Cad é a tharlaíonn le linn **cruinnithe Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair** (cruinnithe AFMÁ)

Is AFMÁ Eolaíochta é seo, ach leanann gach ábhar na prionsabail chéanna, Cliceáil ar an íomhá thíos le breathnú ar an bhfíseán.



Tuairisc Éascaitheoirí
Teimpléad do chruinniú AFMÁ

Report

Subject Learning and Assessment Review Meeting

Attendance	
Key discussion topics	
Points of note for future course meetings	
Any further comments?	
Facilitator	
Date	

Tacaíocht na Scoile Uile do 2019/20

Don scoilbhliain reatha, 2019/2020, cé go ndíreofar ar fhoghlaim scoláire-lárnach ar an lá FGL don Scoil Uile, tabharfar rogha do scoileanna idir trí chonair shoiléire.

Ag tús gach conaire, tugtar deis do mhúinteoirí machnamh ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach (2015) ina scoil féin agus ceisteanna pleananna dá scoláirí ina gcomhthéacs uathúil a shaináithint.

I seisiún lár na maidine tugtar deis pleanáil i gcomhair foghlaim scoláirí. Tá sé seo bunaithe ar na heispéiris agus ar an gcomhthuiscint a d'éascair as machnamh múinteoirí le linn sheisiún na maidine.

Beidh deiseanna do mhúinteoirí i seisiún na hiarnóna na heispéiris foghlama atá pleanáilte acu dá gcuid scoláirí a thaispeáint, agus an fhoghlaim ghairmiúil a tharlaíonn le linn an lae a dhaingniú. Saináithnítear agus aontaítear i rith an tseisiúin deiridh cad iad na céimeanna atá le tógáil nuair a bheidh deireadh leis an lá FGL don Scoil Uile.

Beidh an rogha conaire don lá ag brath ar chomhthéacs na scoileanna agus ar na riachtanais FGL a bhaineann leo. Tar éis meabhrú air sin, agus é a phlé leis an gCeannaire Foirne Réigiúnach cú, is féidir le scoil an t-eispéireas FGL is oiriúnaí ó na trí conairí a roghnú.

Who are we?

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

1. What is our **context**?
2. What are the **stories** we tell? What are the stories told about our school?
3. Who/what do we celebrate?

What does our **Mission Statement** say about us?

Conair an Churaclaim i gComhthéacs

Planning for Teaching & Learning

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Student Learning Experience	<ul style="list-style-type: none"> • Texts, resources • Methodologies, strategies
Evidence of Learning	<ul style="list-style-type: none"> • Assessment tasks • Ongoing assessment • Reporting considerations
Key Learning	<ul style="list-style-type: none"> • Learning Outcomes (Action Verbs) • Theme etc. • Student Context

Conair Teagaisc, Foghlama Measúnaithe agus Tuiriscithe

Essential learning: reading and exploring Priority Learning Units

Activity 8 Flipchart

Capture the essence of your chosen Priority Learning Unit (PLU) or Level 2 Short Course

Consider the following:

- ◆ What is the key learning?
- ◆ How might this be evidenced?
- ◆ How might this PLU or SC provide 'access and challenge' for our students?

You are free to use images, words, sketches or diagrams to capture this on your flipchart sheet

Clár Foghlama Leibhéal 2 a neadú laistigh den seomra ranga príomhshrutha



Príomhdhátaí do na Measúnuithe Rangbhunaithe

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

To: Boards of Management, Principal Teachers and Teaching Staff of Post-Primary Schools, Special Schools and Chief Executives of ETBs
Arrangements for the Implementation of the Framework for Junior Cycle with particular reference to school year 2019/20

Circular Letter 0055/2019

CONTENTS

1. Purpose of this circular	3
2. The changes for school year 2019/20	3
3. Contextual information and background	4
4. The curriculum and assessment arrangements for Junior Cycle	4
5. Subjects, Short Courses, Priority Learning Units and other learning activities	4
6. Reporting of learning opportunities	5
7. A number of subjects and short courses available to students	5
8. Short courses available for school setting	10
9. Reporting of Learning Opportunities	11
10. Learning and Accessibility	12
11. Joint L and S Learning Programmes	13
12. Approved subject specifications, syllabuses and schemes	14
13. Senior Certificate School Programme	14
14.15.15.15.15	14
15.15.15.15.15	14
16. Assessment arrangements for subjects	15
17.17.17.17.17.17	15
18.18.18.18.18.18	15
19.19.19.19.19.19	15
20.20.20.20.20.20	15
21.21.21.21.21.21	15
22.22.22.22.22.22	15
23.23.23.23.23.23	15
24.24.24.24.24.24	15
25.25.25.25.25.25	15
26.26.26.26.26.26	15
27.27.27.27.27.27	15
28.28.28.28.28.28	15
29.29.29.29.29.29	15
30.30.30.30.30.30	15
31.31.31.31.31.31	15
32.32.32.32.32.32	15

Socruithe i gcomhar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach do 2019/2020

NCCA

Key Dates for Classroom-based Assessments 2019/2020

The table below lists the dates for Classroom-based Assessments (CBA), including Assessment Tasks (Level 1/2) and Short Courses (SC) to be completed during the school year. The dates are subject to change and should be confirmed with the relevant Board of Management.

Assessment Type	Subject	Start Date	End Date
Assessment Task (Level 1/2)	English	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Maths	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	History	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Geography	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Science	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Art	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Music	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Physical Education	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Religious Education	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Modern Languages	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Information Technology	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Design	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Home Economics	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Health and Well-being	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Personal, Social and Health Education (PSHE)	15th November 2019	15th November 2019
Assessment Task (Level 1/2)	Other	15th November 2019	15th November 2019

Beidh sraith iomlán úr FGL don tSraith Shóisearach ag tosú ar bhonn náisiúna tar éis an tsosa lár téarma. Gheofar sna cnuasócaíidí scoile i mbliana réimse nua d'eispéiris foghlama ghairmiúla, EFGnna a ndearnadh pleanáil, dearadh agus saothrú cúramach orthu agus aiseolas ó mhúinteoirí chun tosaigh.